# EESC Info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

February 2022 | GA

EAGRÁN SPEISIALTA de CESE info – Duais na Sochaí Sibhialta 2021

## Dearcadh na Cosmhuintire – S3 Podchraoladh 16 - Glas, tá mé an-tógtha le chuile shórt atá glas

Ní féidir aistriú cóir agus glas a bhaint amach ach amháin le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Tá daoine agus eagraíochtaí ar fud na hEorpa tiomanta do bhealaí nuálacha atá dírithe ar dhaoine a fhorbairt chun an t-athrú aeráide a chomhrac. In 2021, chinn CESE Duais na Sochaí Sibhialta a bhronnadh ar chúig eagraíocht a chabhraíonn go mór le dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide. Sa phodchraoladh seo de Dhearcadh na Cosmhuintire, thugamar cuireadh dóibh a gcuid scéalta a insint dúinn.

Mhínigh **Cillian Lohan**, Leas-Chathaoirleach um an gCumarsáid in CESE, cén fáth a bhfuil sé ríthábhachtach gan neamhaird a dhéanamh ar an ngníomhú ar son na haeráide atá á dhéanamh ag an iliomad daoine aonair agus ag an bpobal ar an láthair. Roinn **Guy de Koninck**, duine de bhuaiteoirí na chéad áite, *Grootouders voor het klimaat* (BE) (Seantuismitheoirí ar son na haeráide), níos mó eolais linn faoina dtionscadal ‘Ár gCoigilteas dá dTodhchaí’ agus faoi na hiarrachtaí a dhéanann siad chun dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn. Phléigh **Monica Guiteras**, duine de bhuaiteoirí an dara háit, *Enginyeria Sense Fronteres* [Innealtóirí gan Teorainneacha] ón gCatalóin (ES), faoin gcomhrac atá ar siúl acu i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh trí chabhrú le daoine fuinneamhbhochta a nguthanna a aimsiú agus a úsáid. Labhair **Costin Dragne** ón Rómáin linn faoin tionscadal ‘Educlick’, atá á reáchtáil ag an eagraíocht neamhrialtasach, *Ateliere Fără Frontiere* [Ceardlann Gan Teorainneacha], tionscadal a chuireann an

geilleagar ciorclach chun cinn agus a théann i ngleic leis an éagóir shóisialta. Tá an fhadhb de theochtaí atá ag dul i méid á comhrac i Liúibleána na Slóivéine ag stiúideo uirbeach 'Prostorož'; d'inis **Zala Velkavrh** gach rud dúinn faoin tionscadal cruthaitheach a chuidigh leo an duais a bhuachan. Ar deireadh, chualamar ó **Madis Vasser**, ball de chomhghuaillíocht na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha glasa san Eastóin, a labhair linn faoi ghrúpaí sainleasa éagsúla a thabhairt chuig an mbord chun plé a dhéanamh ar aistriú na tíre ó ola scealla go fuinneamh níos glaise, agus gan aon duine a fhágáil ar lár. (tk/ll)


Available Languages:

ES BG CS DA EN DE ET FR EL GA HR IT LV LT HU MT NL PL PT FI RO SK SL SV


# EDITORIAL



## Eagarfhocal

**BÍMIS UILE MAR CHUID DEN RÉITEACH – NÁ CUIRIMIS LEIS AN bhFADHB!**

A léitheoirí dile,

Bhí Duais na Sochaí Sibhialta is déanaí ó CESE dírithe ar théama a bhfuil an-dáimh agam leis – gníomhú ar son na haeráide. Shílfeá go mbeadh fíorthionchar na géarchéime aeráide tagtha i bhfeidhm orainn faoin am seo agus go mbeadh glactha leis ar bhonn chomh forleathan sin go mbeadh an domhan iomlán aontaithe cheana féin san iarracht an féin-scriosadh a sheachaint. Ach cé go bhfuil a lán iarrachtaí déanta ina leith sin, ní leor é go fóill.

Sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach leanúint de bheith ag cur in iúl go bhfuil an pointe fillte is faide amach á shroichint againn leis an athrú aeráide agus go bhféadfadh an t-athrú aeráide sin deireadh a chur leis an domhan mar atá sé faoi láthair.

Ar an gcúis sin, ní féidir liom an iomarca béime a chur ar a thábhachtaí atá sé ár bhfórsaí uile a aontú chun rud éigin a dhéanamh faoin athrú aeráide. Agus is freagracht í sin nach bhfuil aon duine againn saor uaithi.

Creideann CESE go bhfuil rath an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip – faoinar gheall an tAontas aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 – ag brath ar ghníomhaíocht agus gealltanas na ngníomhaithe uile. Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí poiblí agus ag daoine aonair maidir le hathrú a spreagadh i dtaca le noirm agus iompar, maidir le geilleagair áitiúla a dhéanamh níos glaise agus an t-aistriú a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach.

Trí Dhuais na Sochaí Sibhialta 2021 a thiomnú don athrú aeráide, ba mhian le CESE na hiarrachtaí aeráide neamhstáit a rinneadh go dtí seo a léiriú don phobal agus urraim a thabhairt dóibh.

Roghnaíomar na buaiteoirí ó thionscadail a thacaíonn le haistriú cóir agus glas chuig geilleagar ísealcharbóin. Ba é an sprioc a bhí leis ná tionscadail atá fós ar siúl a mholadh agus cinn nua a spreagadh, agus creidim go bhfuil an sprioc sin bainte amach againn!

Fuaireamar neart smaointe a thugann dóchas dúinn go mbeimid ábalta an cath seo a bhuachan. Tá tionscadail faighte againn ó gach cearn den Eoraip, tionscadail atá i mbun comhraic i gcoinne an athraithe aeráide ar bhealaí spreagúla agus cruthaitheacha. Ní raibh sé éasca na buaiteoirí a roghnú agus braithimid go bhfuil aitheantas tuillte ag gach duine de na hiarrthóirí. Is féidir tuilleadh a léamh fúthu uile sa bhróisiúr atá tiomnaithe do dhuais na bliana seo.

Shocraíomar ar dhuais a bhronnadh ar chúig thionscadal, gach ceann díobh iontach ar a bhealach féin, a théann i ngleic le cuid de na saincheisteanna is práinní atá againn agus sinn ag caint faoin aistriú chuig geilleagar agus sochaí aeráidneodrach.

Trína gcuid oibre tábhachtaí, spreagann ár gcúigear buaiteoirí infheistíochtaí inbhuanaithe agus díríonn siad ar ról luachmhar na nglúnta níos sine; téann siad i ngleic le bochtaineacht fuinnimh trí ghuth a thabhairt do dhaoine atá fuinneamhbhocht; cuireann siad geilleagar ciorclach chun siúl ar an láthair agus ag an am céanna cuireann siad ceartas sóisialta chun cinn go gníomhach; téann siad i ngleic leis an téamh uirbeach trí aipeanna airgtheacha agus idirghníomhacha a sheoladh nó tugann siad na gníomhaithe uile san aistriú fuinnimh chuig an mbord agus brú á chur orthu díospóireachtaí tábhachtacha a bheith acu agus teacht ar réiteach sochreidte.

Ag an searmanas bronnta a reachtáladh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig, bhraith mé gur mhór an phribhléid agus an onóir dom a bheith ag bronnadh na nduaiseanna ar ár gcúigear buaiteoirí. San eagrán seo, is féidir tuilleadh eolais a fháil faoina dtionscadail iontacha agus is féidir aithne a chur orthu sna hagallaimh a rinneamar leo. Beidh podchraoladh á sheoladh againn freisin ina n-inseoidh gach duine acu dúinn cad iad na pleananna atá acu don todhchaí agus faoin gcaoi ar speagadh iad leis an duais ó CESE chun leanuint ar aghaidh lena gcuid oibre.

San eagrán seo freisin, is féidir léamh faoi dhuine de bhuaiteoirí Dhuais na Dlúthpháirtíochta Sibhialta 2020, duine ar bronnadh gradam aeráide mór le rá orthu le déanaí sa Ríocht Aontaithe. Ba mhór an pléisiúr dúinn a chloisteáil an chaoi a ndeachaigh an duais ó CESE i bhfeidhm orthu, trí é a chur ar a gcumas leanúint ar aghaidh lena gcuid tionscadal agus tabhairt faoi thionscadail nua, rud is cúis le moladh agus aitheantas a bheith tuillte acu. Ní hamháin gur údar mór bróid dúinn an méid sin ach déanann sé níos meáite fós sinn freisin leanúint ar aghaidh leis an duais agus le béim a chur ar an obair iontach atá á déanamh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag an gcosmhuintir maidir le gach cineál saincheiste ar fud an Aontais Eorpaigh!

Bainigí sult as an eagrán seo agus ná déanaigí dearmad – go gcaithfimid uile a bheith páirteach agus ár ndícheall a dhéanamh sa chomhrac seo in aghaidh an athraithe aeráide, is cuma cé chomh beag nó chomh mór is a bheidh ár n-iarrachtaí nó, fiú, ár n-íobairtí. Is cuid den réiteach sinn uile – ná cuirimis leis an bhfadhb a thuilleadh!

**Cillian Lohan**
Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE

## DUAIS NA SOCHAÍ SIBHIALTA 2021 SNA MEÁIN

**Seo blaiseadh de na ceannlínte a tháinig aníos sna meáin go nuige seo faoi Dhuais na Sochaí Sibhialta 2021.**

**An Bheilg** – De wereld morgen: Grootouders voor het Klimaat wint belangrijke Europese prijs

**An Bhulgáir** – Politika: Асоциация на пенсионери получи европейска награда за гражданско общество и опазване на климата

**An Chróit** – Tportal.hr: U Nagradu civilnog društva posvećenu klimi osvojila je belgijska udruga “Bake i djedovi za klimu”

**An Iodáil** – Apiceuropa: Premio CESE per la società civile 2021

**An Spáinn** – El Diario: Las asambleas contra la pobreza energética en Barcelona, premiadas por la UE

**An Rómáin** – Bursa: Ţara noastră a fost premiată de Comitetul Economic şi Social European pentru implicarea în acţiuni climatice

# NEW PUBLICATIONS

## Faigh spléachadh ar thionscadail Dhuais na Sochaí Sibhialta 2021!

**Is féidir féachaint ar an bhfíseán ina dtugtar eolas faoi na tionscadail bhuacha anseo.**




## I dtreo aistriú cóir – áit a bhfuil toil, tá bealach...

**Tá bróisiúr foilsithe ag CESE ina gcuirtear i láthair cúigear buaiteoirí Dhuais na Sochaí Sibhialta 2021. Dóibh siúd ar mian leo tuilleadh eolais a fháil, tá cur síos suimiúil ann ar roinnt mhaith mórthionscadail aeráide eile a cuireadh isteach, mar aon le neart eolas cúlra faoi obair CESE ar chúrsaí aeráide agus faoin duais féin.**

Is féidir an bróisiúr a íoslódáil ag:
https://www.eesc.europa.eu/sites/default/files/files/qe-01-21-440-en-n.pdf
(II)




# EESC NEWS




## Is é an comhlachas Beilgeach Grootouders voor het klimaat (Seantuismitheoirí ar son na hAeráide) a bhuaigh Duais na Sochaí Sibhialta 2021 de chuid CESE maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide

**An 9 Nollaig, bhronn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) duaiseanna ar chúig eagraíocht agus chomhlachas neamhbhrabúsacha as a gcuid tionscadal aeráide cruthaitheach agus spreagúil a bhfuil sé d’aidhm acu aistriú cothrom i dtreo geilleagar ísealcharbóin aeráid-díonach a chur chun cinn.**

Roinneadh duais EUR 50 000 idir na cúig thionscadal a bhuaigh an comórtas. Is é an comhlachas Beilgeach, Grootouders voor het klimaat (Seantuismitheoirí ar son na hAeráide) a bhuaigh an chéad duais EUR 14 000. Tugadh EUR 9 000 an ceann do na ceithre chomhlachas eile.

Rangaíodh na comhlachais a bhain an dara, an tríú agus an ceathrú háit amach san ord seo a leanas: an comhlachas Spáinneach Associació Catalana Enginyeria Sense Fronteres (Innealtóirí gan Teorainneacha, an Chatalóin), an comhlachas Rómánach Ateliere Fara Frontiere (Ceardlann gan Teorainneacha), an stiúideo pleanála uirbí Prostorož ón tSlóivéin, agus líonra d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ón Eastóin: Eesti Roheline Liikumine (Gluaiseacht Ghlas na hEastóine), Eestimaa Looduse Fond (Ciste na hEastóine don Dúlra) agus Eesti Keskkonnaõiguse Keskus (Ionad Dlí Comhshaoil na hEastóine).

Ag an searmanas bronnta a reáchtáladh ar líne agus sa Bhruiséil, rinne Uachtarán CESE, **Christa Schweng**, comhghairdeas leis an gcúigear buaiteoirí agus leis na hiarrthóirí uile a rinne iarratas: *'Léiríonn na tionscadail a fuaireamar an luach agus an chruthaitheacht atá ann i réimsí éagsúla a bhaineann leis an aeráid. Creidimid go daingean go gcabhróidh tionscadail den chineál sin chun aeráidneodracht agus aistriú cothrom a bhaint amach. Ós rud é go dtacaíonn CESE go láidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá sé lánchinnte gur gá saoránaigh agus gnólachtaí a chur i gcroílár an aistrithe ghlais agus a áirithiú ag an am céanna nach bhfágfar aon duine ar lár.'*

Dúirt Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, **Cillian Lohan**: *'Tá gá le rannpháirtíocht ghníomhach gach cuid den tsochaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Agus is gá príomhathrú ón gcomhairliúchán agus ón rannpháirtíocht ón mbarr anuas chuig an gcomhdhearadh, chuig an gcomhchruthaitheacht agus chuig an gcumhachtú. Is comharthaí dearfacha iad tionscadail ár mbuaiteoirí ar an gcomhdhearadh agus ar an gcomhchruthaitheacht seo. Éiríonn siad le daoine agus eagraíochtaí a mhealladh freisin. Tugann an saibhreas mór sna smaointe seo dóchas nach dtiocfaidh deireadh leis an gcath i gcoinne an athraithe aeráide go ceann i bhfad.'*

BUAITEOIRÍ DHUAIS NA SOCHAÍ SIBHIALTA 2021
Is comhlachas de sheantuismitheoirí ó réigiún Fhlóndras na Beilge buaiteoir na bliana seo. Deir **Grootouders voor het klimaat** go bhfuil a ndícheall á ndéanamh acu chun domhan níos fearr agus níos inbhuanaithe a fhágáil dá ngarchlann. Spreagann feachtas an chomhlachais dar teideal 'Ár gcoigilteas ar mhaithe lena dtodhchaí' tuairim is 2.4 milliún seantuismitheoir Beilgeach a gcoigilteas, ar fiú sin agus EUR 910 mbilliún de shócmhainní, a atreorú chuig tionscadail níos inbhuanaithe.

Dírítear leis an bhfeachtas freisin ar an earnáil airgeadais agus ar an rialtas. Spreagann sé infheisteoirí agus institiúidí aistriú i dtreo iompar inbhuanaithe agus maoiniú inbhuanaithe. Ina theannta sin, cuireann an comhlachas litearthacht airgeadais i measc mac léinn chun cinn. Is mian leis an gcomhlachas béim a leagan ar an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag daoine scothaosta maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Agus é ag glacadh leis an duais, dúirt urlabhraí do Grootouders voor het klimaat, **Guy De Koninck**:'*Is onóir dúinn an duais seo a ghlacadh i dteannta le ceithre thionscadal iontacha eile. Táimid buartha faoin bpláinéad. Thugamar cluas éisteachta don óige agus bhíomar i láthair ag na mórshiúlta a d'eagraigh sí ar son na todhchaí. Más rud é gurb é an t-airgead bun agus barr an tsaoil, tá an domhan ag bogadh faoi láthair sa treo mícheart. Ní mór dúinn an treocht sin a aisiompú agus is é sin cuspóir an fheachtais. Is é an teachtaireacht atá á seoladh againn chuig na rialtais, na bainc agus seantuismitheoirí eile ná gur féidir leis an airgead atá inár seilbh an t-athrú is gá a chur i gcrích. Tá tábhacht ag baint leis an duais a bhuachan, tugann sé tacaíocht mhorálta agus airgeadais dár bhfeachtas."*

Bronnadh an dara duais ar **Associació Catalana Enginyeria Sense Fronteres (Innealtóirí gan Teorainneacha, an Chatalóin)**. Tráth a bhfuil 11 % de theaghlaigh na Spáinne ag streachailt le bochtaineacht fuinnimh, tá an comhlachas Catalóinise seo ag comhrac ar son an cheartais aeráide bunaithe ar chearta an duine. Cuireann sé ar chumas na ndaoine atá ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh

páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí reatha maidir le héigeandálaí aeráide agus is é an aidhm atá aige daoine faoi mhíbhuntáiste a chumasú chun a gceart bunúsach chun rochtain a fháil ar fhóntais bhunúsacha a fheidhmiú.

Bronnadh an triú duais ar an gcomhlachas Rómánach **Ateliere Fara Frontiere (Ceardlann gan Teorainneacha)**. Téann a thionscadal *educlick* i ngleic leis an éagóir shóisialta agus ardaíonn sé feasacht ar bhuntáistí an gheilleagair chiorclaigh. Fostaíonn an comhlachas daoine imeallaithe a dhéanann athchóiriú ar dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach. I ndiaidh an athchóirithe, tugann siad an trealamh sin do scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste, agus d’eagraíochtaí a oibríonn le leanaí leochaileacha.

Bronnadh an ceathrú háit ar an stiúideo pleanála uirbí **Prostorož** ón tSlóivéin, a spreag cónaitheoirí phríomhchathair na Slóivéine Liúibleána chun dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide sa chathair sin, arb í ceann de na cathracha atá ag téamh ag an ráta is tapúla ar domhan. Tríd an tionscadal *Hot Spots,* tugadh cuireadh do chónaitheoirí Liúibleána na suíomhanna is teo sa chathair a aimsiú ar léarscáil dhigiteach. Fuair an eagraíocht méid ollmhór aiseolais faoin méid ba cheart a dhéanamh chun róthéamh a sheachaint.

Bronnadh an cúigiú duais ar líonra d’eagraíochtaí neamhrialtasacha ón Eastóin Eesti Roheline Liikumine, Eestimaa Looduse Fond agus Eesti Keskkonnaõiguse Keskus , ar líonra é atá ag comhrac chun dearcthaí maidir le fuinneamh in-athnuaite sa tír a athrú, atá ar cheann de na tíortha a bhfuil an lorg carbóin is mó san Aontas Eorpach aici. Chruthaigh an líonra sin ardán don idirphlé idir na páirtithe go léir maidir le saincheist an aistrithe fuinnimh in oirthuaisceart na hEastóine, áit a ndéanfar an tionscal scealla ola a chéimniú amach de réir a chéile, rud nár glacadh leis go fonnmhar.

**MAIDIR LE DUAIS NA SOCHAÍ SIBHIALTA 2021**

Mheall téama na bliana seo ‘*Gníomhú ar son na hAeráide*’ na scórtha eagraíochtaí is iarrthóirí ó 24 thír. Cuireadh raon leathan tionscadal isteach, rud a leagann béim ar na cineálacha cur chuige nuálacha a ghlac eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus daoine aonair chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide.

Léirigh an duais an ról ríthábhachtach atá ag na pobail maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, sprioc atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Tá súil ag CESE go spreagfaidh an duais sin an tsochaí shibhialta chun cabhrú le geilleagair áitiúla a dhéanamh níos glaise, agus chun noirm, iompar agus córais a athrú ar bhonn leanúnach, arb iad is cúis leis an ngéarchéim aeráide.

Bronntar Duais na Sochaí Sibhialta mar chúiteamh ar ‘barr feabhais i dtionscnaimh na sochaí sibhialta’. Gach bliain, díríonn an duais ar ghné dhifriúil d’obair CESE. Ba é ba théama don duais in 2019 comhionannas inscne agus cumhachtú na mban. In 2020, sheol CESE Duais na Dlúthpháirtíochta Sibhialta, ar duais aonuaire é a bhí tiomnaithe don chomhrac i gcoinne COVID-19.

Tá tuilleadh sonraí faoi Dhuais na Sochaí Sibhialta 2021 ar fáil anseo. (ll)




# Fíricí fánacha

- Tacaíonn roinnt mhaith ambasadóirí leis an obair a dhéanann Grootouders voor het klimaat (Seantuismitheoirí ar son na haeráide), ceann de bhuaiteoirí Dhuais na Sochaí Sibhialta 2021. . Is ambasadóirí cáiliúla iad cuid mhór díobh, ach is í Jane Goodall an ceann is cáiliúla. Is taighdeoir mór le rá í Jane agus is í an saineolaí is iomráití ar domhan maidir le simpeansaithe. Roghnaíodh Jane Goodall mar 100ú ambasadóir Grootouders voor het klimaat i mí Dheireadh Fómhair 2020.

- Nuair a dhéantar ríomhaire a athchóiriú in ionad é a chaitheamh i dtraipisí, sábháiltear 144 kg de $CO_2$. Idir 2008 agus 2021, rinne an buaiteoir Rómánach, Ateliere Fara Frontiere (Ceardlann gan Teorainneacha), beagnach 25 000 ríomhaire a athchóiriú agus a dheonú.Samhlaigh fcé mhéad cileagram de $CO_2$ atá sábháilte acu go dtí seo!

- Tá sé mar aidhm ag tionscadal an bhuaiteora de chuid na Slóiveine , tionscadal dar teideal Hot Spots, dul i ngleic leis na teasoileáin uirbeacha i Liúibleána. De réir réamhaisnéisí a rinneadh le déanaí.beidh an chathair sin ag téamh ag an ráta is tapúla ar domhan amach anseo. De réir na réamh-mheastachán, beidh an aimsir i Liúibleána an-chosúil leis an aimsir in Virginia Beach sna Stáit Aontaithe faoi 2050. Beidh an chinniúint chéanna i ndán do lár na hEorpa agus do na Balcáin ar fad. Táthar ag súil go mbeidh na harduithe teochta is suntasaí sna limistéir sin agus go mbeidh an aeráid cosúil le catharacha Stát Texas sna Stáit Aontaithe.

- Tá an comhlachas Spáinneach ‘Associació Catalana Enginyeria Sense Fronteres’ (Innealtóirí gan Teorainneacha, an Chatalóin) ag comhrac in aghaidh na bochtaineachta fuinnimh trí ghuth a thabhairt do 11 % de theaghlaigh uile na Spáinne, ar teaghlaigh 'fhuinneamhbhochta' iad. Léiríonn na figiúirí go bhfaigheann níos mó Spáinnigh bás anabaí mar gheall ar bhochtaineacht fuinnimh seachas timpistí gluaisteán. In 2019, fuair 100 000 Eorpach bás de bharr go raibh cónaí orthu i dtithe fuara, agus bhí os cionn 50 milliún duine ina gcónaí i dtithe ina raibh díon silteach agus ballaí nó urláir thaise. Sa bhliain chéanna, d'íoc beagnach 80 milliún duine san Aontas Eorpach a gcuid billí fóntais déanach nó ní raibh siad in ann iad a íoc.

- Buaiteoir eile is ea an líonra d’eagraíochtaí neamhrialtasacha ón Eastóin a chuireann ant-aistriú chuig foinsí inathnuaite fuinnimh chun cinn trí idirphlé fóinteach a eagrú idir na geallsealbhóirí go léir. San Aontas Eorpach, is í an tSualainn an ceannródaí maidir le giniúint leictreachais inathnuaite, cé go bhfuil sciar níos airde foinsí inathnuaite bainte amach ag an Iorua agus ag an Íoslainn ina bpríomhsholáthar fuinnimh go dtí seo. . Is í Málta an Ballstát ag a bhfuil an sciar is lú foinsí inathnuaite.




## Nuacht ó bhuaiteoirí roimhe seo

**Ar mhisean chun dramhaíl a laghdú: cosc ar rudaí nua in 22**

**Tá Cherwell Collective ón Ríocht Aontaithe, ceann de bhuaiteoirí Dhuais na Dlúthpháirtíochta Sibhialta na bliana seo caite díreach tar éis gradam aeráide mór le rá a bhuachan as a thionscadal nua maidir leis an ngeilleagar ciorclach. Bhuaigh an chuideachta neamhbhrabúis sin, atá lonnaithe in Oxford ár nduais in 2020 as bia a sholáthar dóibh siúd a bhí i ngátar le linn phaindéim COVID-19, trí oiliúint a chur orthu chun a gcuid bia féin a fhás agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as barrachas bia.**

Ó shin i leith, tá úsáid bainte ag an gcuideachta as an airgead duaise chun cur lena tacaíocht do dhaoine leochaileacha, agus chun dul chun cinn a dhéanamh lena misean maidir le lorg carbóin a bpobail a laghdú. Tá an chuideachta ina comhpháirtí cinn anois ar an tionscadal nua *Waste Innovation Station Headquarters* (WISH) in Oxfordshire, na Ríochta Aontaithe.

Is fís é an tionscadal sin do gheilleagar ciorclach ina nach gceannaítear aon rud nua go dtí go mbeidh na roghanna go léir maidir le hearraí a choinneáil i gcúrsaíocht ídithe. Tá tús curtha aici cheana féin le feachtas dar teideal 'Nothing new in 22' (Cosc ar rudaí nua in 22), feachtas a iarrann ar dhaoine aonaracha gealltanas a thabhairt gan aon rud nua a cheannach i dtionscal ar leith amháin in 2022. Tugadh tacaíocht mhór don tionscadal cheana féin agus tá aitheantas leathan faighte aige sa Ríocht Aontaithe. An 25 Eanáir, fuair Cherwell Collective airgead ón gciste *National Lottery Community's Climate Action Fund* (Ciste an Chrannchuir Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide), ciste a mhaoineoidh tionscadal WISH.

Labhair bunaitheoir **Cherwell Collective**, **an Dr Emily Connally**, le CESE faoin gcaoi a ndearna an duais ó CESE difríocht mhór don chuideachta neamhbhrabúis sin.

*'Bhí an duais ó CESE mar chuid den inspioráid don chéad tionscadal eile, agus feidhmíonn sí mar chistiú meaitseála don obair. Tá a fhios agam i mo chroí istigh nach n-éireodh linn murach na deiseanna a chur gradam CESE ar fáil dúinn. Ós rud é gur cuideachta nua agus nuálaíoch muid, thug an duais dlisteanacht agus aitheantas dúinn. Thug sí airgead saor ó shrianta dúinn ionas go bhféadfaimis fiafraí den phobal cad a bhí uaidh. Shábhálamar na cistí sin agus d'úsáideamar iad chun mianta ár n-úsáideoirí a leanúint',* a dúirt an **Dr Connally**.

Sna suirbhéanna a rinneadh, thug úsáideoirí le fios nach raibh siad ar aon intinn maidir le riachtanas earraí bia faoi leith, ach go raibh comh-mhian acu glacadh le 'haon earra a gcaithfí i dtraipisí murach sin'.

I gcomhréir lena mianta, chuir **Cherwell Collective** agus a chomhpháirtithe an tionscadal WISH le chéile, tionscadal a shroicheann níos mó ná 50 000 duine ar an iomlán, atá ceaptha chun an pobal a threorú i dtreo lorg carbóin laghdaithe trí fhor-rochtain agus trí thaispeántais maidir le conas dramhaíl a laghdú.

Tá músaem eolaíochta idirghníomhach ag WISH freisin, áit ina bhfuil gach taispeántán déanta ó dhramhaíl, ina gcuirtear in iúl don phobal lorg carbóin na dramhaíola sin, agus ina gcuirtear ar fáil taispeántais chomh maith le fearais 'déan féin é' chun dramhaíl a laghdú, earraí a dheisiú, agus tomhaltas/éileamh ar línte

táirgthe nua a laghdú.

*‘Iarraimid ar dhaoine tacaíocht a ghealladh do gheilleagar ciorclach. Iarraimid orthu earraí a dheisiú nó a athúsáid, a n-earraí féin a thabhairt do dhaoine eile, agus thar aon rud eile, an fonn atá orthu earraí nua a cheannach a chur faoi chois nuair atá an oiread sin earraí athláimhe ar fáil’*, a dúirt an **Dr Connally**.

Comhghairdeas le Emily agus le Cherwelll Collective! Tá CESE thar a bheith bródúil asaibh, agus is díol sásaimh dó go raibh sé in ann cur le bhur dtionscadal iontach!

# IN THE WINNERS' WORDS



## Oidhreacht inbhuanaithe a fhágáil inár ndiaidh

**Creideann ‘Seantuismitheoirí ar son na hAeráide’ go bhfuil ról tábhachtach sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide ag daoine atá níos sine ná 55. Leis an tionscadal ‘Ár gcoigilteas dá dTodhchaí’, tionscadal a bhuaigh Duais Sochaí Sibhialta CESE 2021, spreagann an eagraíocht daoine scothaosta chun a gcuid airgid a infheistiú go críonna ar mhaithe leis an bpláinéad agus chun domhan níos fearr agus níos inbhuanaithe a fhágáil dá ngarchlann. Tá na ‘seantuismitheoirí’ ag obair anois ar thionscadail spéisiúla eile chun dlúthpháirtíocht idirghlúine agus infheistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn.**

**CESE info: Cad a spreag sibh chun tús a chur leis an tionscadal sin?**

**Guy De Koninck:** Is feasach dúinn, mar dhaoine atá 55 bliana d’aois nó níos sine, an fhreagracht atá orainn as an aeráid agus a chumhachtaí atá ár gcomhacmhainn airgeadais, ó thaobh an t-aistriú chuig geilleagar a bheidh neamhdhíobhálach don aeráid a éascú. Ní bhíonn a fhios againn choíche cén úsáid a bhaintear as an gcaipiteal sin go baileach, i.e. an t-airgead atá i dtaisce againn, agus is deacair dúinne - na custaiméirí - aon tionchar a imirt ar an úsáid sin. Ag an am céanna, tá caipiteal de dhíth ar an tsochaí chun í féin a leagan amach i gcomhréir le prionsabail atá níos inbhuanaí. D’fhéadfaí an córas sin a chomhordú ar bhealach níos fearr.

**Cén chaoi ar glacadh leis an tionscadal? An bhfuarthas aiseolas ó na daoine ar cuidíodh leo? (Má fuair, an dtabharfá sampla?)**

Thug an preas agus na cumainn seanóirí tacaíocht mhór dár bhfeachtas. An eagraíocht NEOS, mar shampla, d'eagraíomar ceardlann i gcomhar le chéile agus d'fhoilsigh sé alt ar an ábhar ina irisleabhar féin. Chuaigh an léargas a roinneamar agus an plé géarchúiseach a rinneamar leo go mór i bhfeidhm ar lucht na hearnála airgeadais agus na hairí rialtais.

**Cén leas a bhainfidh an eagraíocht as an maoiniú áirithe seo chun cúnamh breise a a chur ar fáil sa phobal? An bhfuil tionscadail eile á bpleanáil ag an eagraíocht cheana féin?**

Táimid ag obair faoi láthair ar threoir maidir le hinfheistíocht inbhuanaithe, ceardlann idirghlúine don oideachas meánscoile, agus comhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha eile. Is mian linn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bhfeachtas trí chuir i láthair agus ceardlanna a chur ar fáil do chumainn seanóirí agus scoileanna, agus trína gcur chun cinn agus tacú leo ar bhonn níos leithne fós. Táimid ag smaoineamh freisin ar bhealaí eile chun an scéal a scaipeadh, amhail cluiche cláir agus leagan Fraincise den fheachtas.

**Cén chomhairle a chuirfeá ar eagraíochtaí eile i dtreo is go mbeadh rath orthu freisin agus iad i mbun gníomhaíochtaí agus cláir den chineál céanna?**

Is gá foireann feachtais chumasach dhíograiseach a (chur/thabhairt) le chéile agus dóthain taighde a dhéanamh chun an teachtaireacht a chur i láthair i gceart. Caithfear a chinntiú go dtugtar aird ar shaineolas na foirne ach ní mór an saineolas sin a chur in iúl don eagraíocht ar fad trí na bealaí cumarsáide nua go léir.

**Cé chomh dóchasach agus atá tú faoin seans atá ann go mbainfeadh an tAontas cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais amach?**

Céim thábhachtach stairiúil ar son an aistrithe éiceolaíoch is ea an Comhaontú sin. Is é an dúshlán is mó na cuspóirí a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ba mhaith linne - na seantuismitheoirí - ár gcion féin den obair a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.




## Teas sa chathair

**Sheol lucht an stiúideo pleanála uirbí Prostorož an tionscadal *Hot Spots* mar bhí siad ag iarraidh a fháil amach conas a bhraith cónaitheoirí Ljubljana faoi rótheámh a gcathrach agus de bharr a gcuid frustrachas féin i dtaobh easpa gníomhaíochta na n-údarás bardasach rud éigin a dhéanamh le réiteach a fháil. Mar chuid den tionscadal, tugadh cuireadh do dhaoine na suíomhanna is teo sa chathair a thaispeáint ar léarscáil dhigiteach. B’ábhar iontais an líon mór freagraí a fuair an tionscadal ó chónaitheoirí agus ó na meáin, ina measc moltaí nithiúla faoin gcaoi ar cheart dul i ngleic leis an rótheámh uirbeach. D’inis Zala Velkavrh ó Prostorož dúinn cén fáth gur éirigh chomh maith sin leis an tionscadal agus cad iad na pleananna atá ag an stiúideo amach anseo.**

**CESE info: Cad a spreag tú chun tús a chur le do thionscadal nó tionscnamh?**

**Zala Velkavrh:** Frustrachas agus fiosracht ina gcomhchodanna ba chúis leis an tionscnamh seo an chéad lá. In ainneoin gurbh eol don rialtas bardasach éifeachtaí an athraithe aeráide agus na n-oileán teasa uirbeach, ba bheag beart a glacadh. Ar an taobh eile, theastaigh uainn a fháil amach cén tionchar a bhíonn ag teas uirbeach an tsamhraidh ar mhuintir Liúibleána má bhíonn tionchar ar bith orthu.

**Cén chaoi ar glacadh le do thionscadal? An bhfuair tú aiseolas ó na daoine ar chuidigh tú leo? (Má fuair, an féidir leat sampla a thabhairt?)**

Chruthaíomar aip ghréasáin an-simplí agus bhíomar ag súil le freagra ó líon beag daoine. B’ábhar mór iontais é go raibh an méid sin spéis ag cónaitheoirí Liúibleána agus ag na meáin sa tionscadal agus gur ghlac siad páirt ann. Uaslódáladh 700 teophointe (áiteanna teo timpeall na cathrach) laistigh de thrí seachtaine!

**Conas a bhainfidh an eagraíocht úsáid as an gcistiú sonrach seo chun tuilleadh cuidithe a chur ar fáil don phobal? An bhfuil tionscadail eile á bpleanáil agat cheana féin?**

Déanfaimid é a infheistiú i gcathair Liúibleána. Is é an lárionad cliniciúil ollscoile, is é sin an t-ionad leighis is mó sa tír, ceann de na limistéir ina bhfuil fadhbanna ar leith ag baint leis na hoileáin teasa uirbeacha. De bharr COVID, tá an spás poiblí timpeall na gclinicí á úsáid anois mar spás feithimh, áit inar féidir leis na hoibrithe a gcuid sosanna a thógáil agus, trath a raibh líon na n-ionfhabhtuithe COVID níos ísle ná mar atá inniu, bhuaileadh othair lena ngaolta ann. Is mian linn oibriú le muintir chathair Liúibleána, le hionadaithe na gclinicí, na n-othar agus na n-oibrithe sláinte chun feabhas a chur ar roinnt de na micreaspásanna ar a laghad chun leas na gcónaitheoirí.

**Cén chomhairle a chuirfeá ar eagraíochtaí eile i dtreo is go mbeadh rath orthu freisin agus iad i mbun gníomhaíochtaí agus cláir den chineál céanna?**

In ionad bheith ag labhairt faoin todhchaí, rinneamar iarracht a thuiscint cén chaoi a dtéann éifeachtaí an athraithe aeráide i bhfeidhm ar dhaoine sa lá atá inniu ann. D’úsáideamar teanga choiteann agus dhíríomar

ar ghnátheispéireas (fíorthaithí) na gcoisithe, na rothaithe agus na n-úsáideoirí eile a bhaineann úsáid as spásanna poiblí, agus bhí toradh fónta air sin. Ní bagairt teibí é an t-athrú aeráide a thuilleadh.

**An bhfuil tú dóchasach go n-éireoidh leis an Aontas Eorpach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach?**

Níl, ná baol air. Is deacair a bheith dóchasach leis an nuacht san athbhliain i dtaca leis an bhfuinneamh glas agus nuair a theip ar gach ballstát na spriocanna a leagadh amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach.

---



## Dul sa bhearna bhaoil

**Agus iad bréan bailithe de na leithscéalta a dhéantaí ina thaobh, chinn trí eagraíocht neamhrialtasacha ón Eastóin – Gluaiseacht Ghlas na hEastóine, Ciste na hEastóine don Dúlra agus Ionad Dlí Comhshaoil na hEastóine – dul sa bhearna bhaoil agus geallsealbhóirí éagsúla a thabhairt le chéile le haghaidh díospóireacht faoin aistriú cóir a chur i gcrích i dtír a bhfuil ceann de na loirg charbóin is mó ar domhan aici. Sa tionscadal cumarsáide a chuir siad le chéile, leagadh béim ar an réigiún thoir thuaidh, áit a bhfuil an sceall ola fós ar an ábhar breosla is minice a úsáidtear agus áit a bhfuil formhór mór de phoist an réigiúin ag brath ar an tionscal scealla ola, óir ní mór deireadh a chur lena úsáid de réir a chéile. Níorbh aon dóithín é tús a chur leis an díospóireacht ach is ábhar misnigh torthaí an phlé sin.**

**CESE info: Cad ina thaobh ar chuir tú tús le do thionscadal nó tionscnamh?**

**Madis Vasser:** Tá gluaiseachtaí comhshaoil na hEastóine ag iarraidh le blianta fada go gcuirfí deireadh de réir a chéile le breoslaí iontaise, ach ba mhinic na leithscéalta céanna á reic – cad faoi chaillteanas post? cad faoin ngeilleagar? is cúram ró-dheacair é agus cé a bheadh freagrach as? etc.
Mar sin, in 2018 chinn trí eagraíocht neamhrialtasacha comhthionscadal a sheoladh chun idirphlé fóinteach a chur ar siúl idir na geallsealbhóirí go léir, faoi aistriú cóir ón bpríomhbhreosla iontaise a úsáidimid, mar atá an sceall ola.

**Cén glacadh a bhí le do thionscadal? An bhfuair tú aiseolas ó na daoine ar chuidigh tú leo? (Má fuair, an féidir leat sampla a thabhairt?)**

Cuireadh fáilte roimhe – tháinig ionadaithe ón uile champa le chéile chun na saincheisteanna a phlé. Cuir i gcás, is éard a dúirt ionadaí amháin ó bhardas atá suite sa réigiún mianadóireachta scealla ola linn ina dhiaidh sin ná gur shíl sé nach mbeadh ann ach cruinniú comhshaoil eile gan mhaith, cé go raibh éifeacht mhór leis i ndáiríre.

Le linn an tionscadail agus ina dhiaidh, bhí dlúth-theagmháil againn le daoine áitiúla, le hionadaithe ón tionscal scealla ola agus le hoifigigh rialtais: is mar gheall ar an líonrú sin, cuid mhaith, a tharla an Eastóin a bheith ar cheann de na chéad Bhallstáit a thug a bplean críochach um aistriú cóir chun críche faoi chuimsiú an Chiste um Aistriú Cóir.

**Conas a bhainfidh sibh úsáid as an gcistiú sonrach seo chun tuilleadh cabhrach a thabhairt don phobal? An bhfuil tionscadail eile beartaithe agaibh cheana féin?**

Bainfimid úsáid as na cistí chun cur le cuid de na gníomhaíochtaí ón tionscadal tosaigh, amhail comhordú a dhéanamh ar líonra mór d’eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag obair ar son na haeráide agus a chothaíonn comhar idir eagraíochtaí áitiúla ar shaincheisteanna aeráide.
Úsáidtear an tacaíocht freisin chun tionscadail leantacha a fhorbairt, atá dírithe níos mó ar an leibhéal áitiúil anois.

**Cén chomhairle a chuirfeá ar eagraíochtaí eile i dtreo go mbeadh rath orthu agus iad i mbun gníomhaíochtaí agus cláir den chineál seo?**

Seo a leanas roinnt comhairle a tugadh le linn seisiún oiliúna amháin a reáchtáladh mar chuid de Thionscnamh Aeráide na hEorpa (EUKI): ‘téigh sa bhearna bhaoil’ agus ‘ná loic ón gcoimhlint’. Ciallaíonn sé sin nach ceart eagla a bheith ort dul i dteagmháil le geallsealbhóirí éagsúla, mar cá bhfios nach é an t-am ceart é agus go bhfuil siad ar aon intinn leat faoi na moltaí atá sa cheann agat.
San am céanna, ní mór cuimhneamh air, áfach, go mb’fhéidir nach mbeadh muinín ag roinnt geallsealbhóirí as a chéile ar dtús, nó go mbeadh tuiscint an-difriúil acu ar an gcaoi leis na torthaí is fearr a bhaint amach de thairbhe an chomhair seo. Ar an ábhar sin, bí san airdeall le heagla go mbeadh coimhlintí den chineál sin ann agus tabhair aghaidh orthu in ionad iad a sheachaint.

**Cén dóchas ata agat go mbainfidh an tAontas Eorpach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais amach?**

Sílim go mbeimid níos uaillmhianaí ná riamh sa deireadh óir tabharfaidh staid an chomhshaoil orainn an t-athrú sin a dhéanamh, agus go bhféachfaimid leis na spriocanna sin a bhaint amach ansin trí athruithe níos córasaí a dhéanamh ar ár stíleanna maireachtála agus ar ár bpatrúin tomhaltais, mar nach bhfuil aon bhealach indéanta eile ann chun na héifeachtaí is measa a bhaineann leis an ngéarchéim éiceolaíoch agus aeráide a mhaolú.



# Réiteach chun leasa cách ón Rómáin

**Leis an tionscadal iontach dar teideal ‘educlick’ de chuid Ateliere Fără Frontiere (Ceardlann gan Teorainneacha), comhlachas de chuid na Rómáine, tugtar le chéile dhá ábhar thráthúla – an ceartas sóisialta agus an geilleagar ciorclach – ar bhealach nuálaíoch. Fostaíonn an comhlachas daoine ó chúlraí leochaileacha chun dramhthrealamh leictreach agus leictreonach a athchóiriú. Nuair atá an t-athchóiriú críochnaithe, tugtar an trealamh sin do scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Roinn Costin Dragne, ball den eagraíocht neamhrialtasach sin, níos mó eolais linn faoin gceardlann, agus faoin tábhacht a bhaineann le Duais CESE don obair a dhéanann sí.**

**CESE info: Cad a spreag thú chun tús a chur le do thionscadal?**

**Costin Dragne:** In 2008 bunaíodh ‘educlick’, an chéad cheardlann de chuid Ateliere Fără Frontiere, chun aghaidh a thabhairt ar dhá shaincheist chomhshaoil agus shóisialta: an easpa deiseanna fostaíochta a bhíonn i ndán do dhaoine ó chúlraí leochaileacha agus an líon mór de threalamh leictreach agus leictreonach a chaitear i dtraipisí, in ionad é a athchúrsáil nó a athúsáid.

Leis an gclár atá á reáchtáil againn faoi láthair lena mbronntar ríomhairí ar scoileanna, tugtar aghaidh go díreach ar an dá shaincheist shóisialta sin: cuirtear tacaíocht ar fáil don oideachas i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus cuirtear coincheap na hathúsáide chun cinn, próiseas atá i bhfad níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus a bhaineann lorg carbóin níos ísle leis.

**Cén chaoi ar glacadh le do thionscadal? An bhfuair tú aiseolas ó na daoine ar chuidigh tú leo? (Má fuair, an féidir leat sampla a thabhairt?)**

Fuaireamar freagairt dhearfach ó na scoileanna, na heagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó na hinstitiúidí poiblí a ghlac páirt inár dtionscadail. A bhuí leis an tacaíocht a thug siad dúinn ó bunaíodh ár gcéad cheardlann 13 bliana ó shin, bhíomar in ann líonra de chomhpháirtithe oideachais a fhorbairt agus 23 000 ríomhaire a thabhairt do níos mó ná 500 000 tairbhí.
Chuir roinnt mhaith dár gcomhpháirtithe oideachais in iúl dúinn go raibh trealamh eile ag teastáil uathu chun coinneáil suas le ré na digiteála: cóipirí, físteilgeoirí, cláir bhána idirghníomhacha, etc. Dá bhrí sin, rinneamar cinneadh anuaraidh obair na ceardlainne a éagsúlú. Rinneamar iarracht cineálacha nua trealaimh a thabhairt isteach sa phróiseas athchóirithe agus an trealamh nua sin a thabhairt do scoileanna.

**Conas a bhainfidh an eagraíocht úsáid as an gcistiú sonrach seo chun tuilleadh cuidithe a thabhairt don phobal? An bhfuil tionscadail eile á bpleanáil agat cheana féin?**

Tá an fhoireann ag obair cheana féin ar thionscadail nua a eagrú chun trealamh digiteach a thabhairt do níos mó ná 200 scoil sa Rómáin, trealamh a dhéanfar é a athchóiriú i gceardlann ‘educlick’. Bainfear úsáid as an maoiniú sonrach chun na tionscadail sin a chur chun feidhme, go háirithe chun bonneagar na ceardlainne athchóirithe a nuachóiriú (trealamh cosanta, ábhair lóistíochta, uirlisí, etc.).

**Cén chomhairle a chuirfeá ar eagraíochtaí eile i dtreo is go mbeadh rath orthu freisin agus iad i mbun gníomhaíochtaí agus cláir den chineál céanna?**

Creidimid gur féidir ár samhail ghnó a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát de chuid an Aontais, agus is é sin an fáth go molaimid do gach eagraíocht comhpháirtíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt le gníomhaithe príobháideacha agus poiblí.

Is é an rud is tábhachtaí chun go mbeadh rath ar thionscadail amhail ‘educlick’ ná go rachfaí i gcomhar le hinstitiúidí agus comhlachtaí ar mian leo a gcion a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun go n-athúsáidfear gléasanna teicneolaíochta faisnéise ar mhaithe le digiteáil na gcóras oideachais.

**Cén dóchas atá agat go mbainfidh an tAontas Eorpach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais amach?**

Chuir ár gcomhghleacaithe i dtíortha éagsúla in iúl dúinn an tionchar dearfach atá ag an tsochaí shibhialta ar an gcomhshaol. Dá bharr sin, tá níos mó muiníne againn maidir leis an seans atá ann go mbainfeadh an tAontas cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais amach.

Fad agus a chuirimid chun cinn an taithí atá faighte ag gníomhaithe eile san earnáil glas, agus fad agus a fhoghlaimímid ón taithí sin, is maith an seans atá againn go n-éireoidh linn eiseamláir a dhéanamh den Aontas a mhéid a bhaineann le hurraim don chomhshaol.

Ós rud é gur éirigh linn tríú háit Dhuais na Sochaí Sibhialta a bhaint amach, táimid níos spreagtha ár gcion a dhéanamh chun go mbainfear an sprioc sin amach sna blianta amach romhainn, go háirithe ós rud é go bhfuil a fhios againn anois go bhfuil tacaíocht againn ar an leibhéal Eorpach.

---




## Daoine atá fuinneamhbhocht a chumhachtú

**Tá an comhlachas Catalóinise Associació Catalana Enginyeria Sense Fronteres (Innealtóirí gan Teorainneacha, an Chatalóin) diongbháilte athrú a dhéanamh ar an dearcadh gur íospartaigh gan chosaint iad na daoine atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh. Chuige sin, tá an comhlachas tar éis tionóil chomhchoiteanna a eagrú chun ardán a chur ar fáil dóibh siúd ar beag an rochtain atá acu ar fhuinneamh nó ar uisce, agus dóibh siúd atá ag streachailt na billí a íoc. Mhínigh Mònica Guiteras dúinn, thar ceann an chomhlachais, an chaoi ar chuidigh na tionóil spás sábháilte atá in aice láimhe a sholáthar do na daoine sin. Chuidigh siad leo freisin a thuiscint gur gníomhaithe agus gníomhairí don athrú san aistriú fuinnimh iad, agus nach íospartaigh iad ar chor ar bith.**

**CESE info: Cad ina thaobh ar chuir tú tús le do thionscadal nó tionscnamh?**

**Mònica Guiteras Blaya:** Go dtí seo, mar thoradh ar dhul i ngleic le tionchar na bochtaineachta fuinnimh ó thaobh leasa de, ba mhinic a cuireadh lipéad na n-íospartach ar dhaoine a bhí thíos leis, nó cuireadh ina leith

fiú go raibh siad ciontach as 'drochthomhaltas'. Ba léir dúinn gur ghá cur chuige trasearnála a ghlacadh agus na teaghlaigh atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh a chumhachtú ionas go mbeidís ina ngníomhaithe agus ina ngníomhairí don athrú san aistriú fuinnimh atá ann faoi láthair.

**Cén glacadh a bhí le do thionscadal? An bhfuair tú aiseolas ó na daoine ar chuidigh tú leo? (Má fuair, an féidir leat sampla a thabhairt?)**

Dar leis na rannpháirtithe, tá tábhacht nach beag ag baint leis an tionscnamh seo, mar is minic a bhraitheann siad nach bhfuil cumhacht acu i gcoinne na mórchuideachtaí soláthair, nó measann siad go bhfuil cur chuige an-mhaorlathach ag na húdaráis riaracháin. Cuireann tionóil chomhchoiteanna maidir le bochtaineacht fuinnimh spás sábháilte atá in aice láimhe ar fáil do na rannpháirtithe, áit nach dtugtar breith ar dhuine ar bith agus áit a bhfuil gach duine ar comhchéim ó thaobh eolais de. Ina ionad sin, cabhraíonn na spásanna sin le tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí a chéile, ionas gur féidir leo – le tuilleadh eolais – feabhas a chur ar a gcúinsí féin agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí.

**Conas a bhainfidh sibh úsáid as an gcistiú sonrach seo chun tuilleadh cabhrach a thabhairt don phobal? An bhfuil tionscadail eile beartaithe agaibh cheana féin?**

Beidh an duais ina cabhair mhór chun cur le for-rochtain an tionscadail. Ní éiríonn linn fós teagmháil a dhéanamh le neart daoine atá ar an imeall, iad siúd nach bhfuil ar an eolas faoi na tionóil fiú. Cuideoidh sé linn freisin teagmháil a dhéanamh leis na daoine atá thíos leis ar bhealaí nuálacha agus fiúntacha. Is rud é seo go raibh orainn a fhoglaim as an nua le linn na paindéime seo: na tionóil a eagrú ar an láthair nó go cianda, nó meascán den dá rud. Ceann de na príomhspriocanna atá leagtha amach againn dúinn féin leis an aitheantas agus an maoiniú seo ná go dteastaíonn uainn díriú ar an nuálaíocht, scaipeadh faisnéise agus an chumarsáid chun níos mó daoine éagsúla a thabhairt le chéile.

**Cén chomhairle a chuirfeá ar eagraíochtaí eile i dtreo is go mbeadh rath orthu agus iad i mbun gníomhaíochtaí agus cláir den chineál seo?**

Bhí sé ríthábhachtach dúinne dlúth-theagmháil a choinneáil leis na heagraíochtaí poiblí lasmuigh de na gnáthreimsí ina n-oibríonn ár n-eagraíochtaí. Cé gur eagraíocht neamhrialtasach comhshaoil muid, tá comhpháirtíochtaí áitiúla tábhachtacha cruthaithe againn sa tionscadal seo le gluaiseachtaí atá tiomanta do thithíocht chuibhiúil agus le comhlachais chomharsanachta.

**Cén dóchas ata agat go mbainfidh an tAontas Eorpach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais amach?**

Ní mór ceartas sóisialta a bheith ann chun na spriocanna sin a bhaint amach, ós rud é gurb é sin an t-aon ghné amháin a dhéanfaidh an t-aistriú cóir chomh maith le glas. Mar shochaí, ní mór dúinn ár seacht ndícheall a dhéanamh tionchar a imirt ar rialtais agus ar údaráis riaracháin ar leibhéil éagsúla d'fhonn na spriocanna a bhaint amach trí choimircí sóisialta a áirithiú mar aon le rannpháirtíocht agus cumhachtú na saoránach.

## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

# Contributors to this issue

Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Laura Lui (ll)
Agata Berdys (ab)
Kersten Thomas (tk)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Technical support
Bernhard Knoblach (bk)

# Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

02/2022